AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 30.11.2011
SEC(2011) 1447 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchar ar Chóras Domhanda um Loingseoireacht Satailíte don Eoraip

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte a chur chun feidhme tuilleadh (2014 - 2020)**

{COIM(2011) 814 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1446 leagan deireanach}

## 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

### *1.1.* Comhthéacs an bheartais

*Réasúnaíocht*

Tá ról bunúsach ag teicneolaíochtaí an chórais dhomhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) in éifeachtúlacht a fheabhsú in go leor earnálacha den gheilleagar agus i réimsí éagsúla de shaol laethúil saoránach de bharr a gcumais tomhais bheachta a thabhairt ar shuíomh, luas agus uainiú. Is ríléir ón taithí a fuarthas le córas suite domhanda (GPS) na Stát Aontaithe buntáistí na loingseoireachta satailíte, agus breathnaítear anois air sna SA mar an gcúigiú fóntas[1], sa bhreis ar uisce, leictreachas, gás agus an teileafón. Tá fórsaí míleata na Stát Aontaithe agus úsáideoirí sibhialta ag brath go mór ar an GPS anois. Tá roinnt tíortha eile i mbun a GNSS féin a thógáil anois.

Faoi láthair, níl an dara rogha ag úsáideoirí loingseoireachta satailíte san Eoraip ach comharthaí satailíte a úsáid ó GPS na Stát Aontaithe nó ó GLONASS (*Global'naya Navigatsionnaya Sputnikovaya Sistema*) na Rúise chun faisnéis a fháil maidir le suíomh, loingseoireacht agus uainiú. Meastar gur ionann spleáchas na hEorpa ar an radaloingseoireacht satailíte arna soláthar ag an GPS agus 6 % go 7 % d'OTI an AE-27, i.e. EUR 800 billiún[2]. Ní féidir le hoibreoirí míleata na gcóras sin ráthaíocht a thabhairt nach gcuirfear isteach ar an tseirbhís amach anseo, áfach. Dá bhrí sin, tá geilleagar na hEorpa ag brath níos mó agus níos mó ar bhonneagar míleata nach bhfuil faoi rialú na hEorpa agus nach bhfuil ceaptha chun freastal ar chuspóirí eacnamaíocha na hEorpa. Tabharfaidh córas Bhreis-Seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) agus an córas loingseoireachta satailíte arna bhunú faoi chlár Galileo rochtain neamhspleách don AE ar theicneolaíochtaí GNSS. D'fhéadfaí sochair dhíreacha agus indíreacha socheacnamaíocha a ghineadh don Aontas Eorpach ach an chéim straitéiseach sin a ghlacadh.

Tá sé aitheanta ag an Aontas Eorpach le fada go bhfuil gá ann a chóras domhanda um loingseoireacht satailíte féin a bheith aige[3]. Tá spriocanna éagsúla ag an gcuspóir polaitiúil seo, ina measc an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite a bhunú atá faoi rialú sibhialtach agus atá go hiomlán neamhspleách ó na córais atá ann cheana. Ní hé amháin go mbeidh breisluach ag an GNSS Eorpach trí neamhspleáchas na hEorpa a áirithiú i ndáil le teicneolaíocht chriticiúil, ach freisin beidh mórshochair mhacraeacnamaíocha ag baint leis don Aontas Eorpach, a spreagfaidh forbairt seirbhísí agus táirgí nua bunaithe ar GNSS agus a ghinfidh seach-theicneolaíochtaí chun taighde, forbairt agus nuálaíocht a spreagadh[4].

---

1 An Teach Bán, Oifig an Phreasrúnaí. Seisiún faisnéise don Phreas ag an Rúnaí Cúnta Iompair, Gene Conti, 1 Bealtaine 2000.

2 COIM(2010) 308 an 14.6.2010, Measúnú tionchair, doiciméad a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Plean Gníomhaíochta ar Fheidhmchláir an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS).

3 Rún ón gComhairle maidir le rannchuidiú na hEorpa i ndáil le Córas Domhanda um Loingseoireacht Satailíte a fhorbairt.

(GNSS) an 19 Nollaig 1994.

4 Tugadh anailís mhionsonraithe sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ar *status quo* chláir Galileo agus EGNOS a foilsíodh in 2007 (COIM(2007) 261 leagan críochnaitheach agus COIM(2007) 534/2).

Cé gurb í an chúis is mó le clár Galileo a chur chun cinn neamhspleáchas a bhaint amach i réimse na loingseoireachta domhanda satailíte, is breisluach tábhachtach an idir-inoibritheacht le córais dhomhanda satailíte atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe córas GPS na Stát Aontaithe mar shampla. A luaithe is a bheidh an córas faoi chlár Galileo ag oibriú, chun leasa na n-úsáideoirí margaidh a bheidh idir-inoibritheacht agus iolrú córas domhanda loingseoireachta a bheidh níos iontaofa agus níos beaichte, agus úsáidfidh formhór na nglacadóirí mionsonraí ó chórais éagsúla. Beidh gá ag na húsáideoirí freisin le córais chúltaca i gcás ina gclisfeadh ar an gcóras nó ina mbeadh cur isteach deonach ar chomharthaí. Léiríonn an méid sin an breisluach a bhaineann le córas sibhialtach.

*Rialú agus creat airgeadais*

Seoladh an córas Eorpach um loingseoireacht satailíte, Galileo, in 2001. I dtús báire bhí an clár bunaithe ar chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí le Comhghnóthas Galileo a bhí ag gníomhú mar chomhardán bainistíochta agus cistiúcháin.

In 2006, tháinig Údarás Eorpach um Maoirseacht GNSS (GSA) in áit Chomhghnóthas Galileo agus tá GSA anois i bhfeighil bainisteoireachta ar ghnéithe leasa phoiblí na gclár GNSS Eorpach. Ba í an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis a bhí freagrach as bainistíocht theicniúil agus cur chun feidhme chláir GNSS le cistiú iomlán de EUR 2.8 billiún ón AE agus ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis.

Glacadh Rialachán GNSS[5] in 2008, agus faoin Rialachán sin is é an AE an t-aon chomhlacht polaitiúil atá i bhfeighil beartas don GNSS Eorpach a stiúradh agus a chistiú ina iomláine. Leagadh amach i Rialachán GNSS cistiú an AE do chlár Galileo agus do chlár EGNOS do na blianta 2007-2013. Dáileadh an buiséad EUR 3.4 billiún ar a raibh fágtha de chéim forbartha Galileo, ar chéim imlonnaithe Galileo agus ar fheidhmiú EGNOS.

Moltar sa togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad chreat ilbhliantúil airgeadais eile do Bhuiséad an AE 2014-2020[6], cláir GNSS a mhaoiniú go hiomlán ó bhuiséad an AE le huasteorainn EUR 7 billiún.

### 1.2. Fadhbanna sainithe

Baineann dhá phríomhfhadhb leis an dul chun cinn i dtaobh cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte a chur chun cinn:

**(1) Ní bheidh an córas arna bhunú faoi chlár Galileo ag oibriú go hiomlán faoi 2013 mar a beartaíodh, ná ní sholáthróidh sé go neamhspleách na cúig sheirbhís ar fad faoin am sin.** Ó bhí clár Galileo i mbun forbartha, sáraíodh na costais a bhí beartaithe agus bhí moill ar sheachadadh an chórais. Maolaíodh beagán ar éifeachtaí an méid sin trí roinnt beart maolaithe a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní féidir cloí leis an sceideal a socraíodh le Rialachán GNSS (de réir an Rialacháin sin, beidh an córas arna bhunú faoi chlár Galileo ag oibriú go hiomlán faoi 2013 agus beidh sé ag soláthar, ar bhonn neamhspleách, na seirbhísí seo: an tSeirbhís Oscailte (OS), an tSeirbhís Sábháilteachta Beatha (SoL), an tSeirbhís Tráchtála (CS), an tSeirbhís Phoiblí Rialáilte (PRS) agus an tSeirbhís Cuardaigh agus Tarrthála (SAR)).

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 maidir le cláir Galileo agus EGNOS a chur chun feidhme tuilleadh.
6 COIM(2011) 500 an 29.6.2011 'Buiséad don Eoraip 2020'.

**(2) Níl aon chreat cinnte maoinithe agus rialachais do chéim shaothraithe chlár Galileo agus chlár EGNOS tar éis 2013**. Cumhdaíonn Rialachán GNSS an tréimhse 2008-2013, is é sin céim forbartha agus imlonnaithe chlár Galileo agus tús céim shaothraithe EGNOS. De bharr sáruithe ar chostais agus de bharr moilleanna, cuirfear céim imlonnaithe chlár Galileo i gcrích in 2018/2019 agus cuirfear tús le céim an tsaothraithe de réir a chéile in 2014. Toisc nach leagtar síos i Rialachán GNSS an creat maoinithe agus rialachais do chlár Galileo agus do chlár EGNOS tar éis 2013, tá gá le bunús nua dlí ionas go mbeidh na córas ag oibriú agus á gcothabháil agus á mbainistiú san fhadtéarma.

Beidh céimeanna imlonnaithe agus saothraithe chlár Galileo ag rith taobh le taobh ar feadh thart ar chúig bliana (2014-2019). Le linn na tréimhse sin, ba cheart leanúnachas, comhsheasmhacht agus creidiúnacht i leith tríú páirtithe a bheith mar thoradh ar chéim imlonnaithe Galileo agus ba cheart leanúnachas sa tseirbhís a bhaint amach do na húsáideoirí deiridh, gan cur isteach. Ba cheart ceist an rialachais ar chéim shaothraithe chlár Galileo a mheas agus ba cheart an rialachas a chur in oiriúint de réir a chéile do riachtanais agus don taithí a fuarthas ó na seirbhísí tosaigh a sholáthar. Cúis práinne is ea rialachas a bhunú d'oibríochtaí EGNOS.

### 1.3. Cé na daoine a dhéanfar dóibh, cén chaoi a dhéanfar difear dóibh agus cén difear a dhéanfar?

Cuireann an dá fhadhb atá luaite thuas isteach ar sholáthar na seirbhísí arna mbeartú le Rialachán GNSS: in éagmais cistiúcháin agus creata rialacháin leordhóthanaigh, ní sholáthrófar aon tseirbhís ina hiomláine faoin mbonneagar a bheidh ann in 2014. Dhéanfadh sé sin difear do shaoránaigh an AE agus d'údaráis tionscail agus údaráis phoiblí ar leibhéil éagsúla:

- Braitheann fás thionscal Eorpach na bhfeidhmchlár loingseoireachta ar GNSS Eorpach a bheith ar fáil. Mura bhfuil ann do GNSS Eorpach, teipfidh ar an earnáil nua iomlán seo;
- Tá roinnt earnálacha eacnamaíocha ag brath ar GNSS a bheith ann;
- Tá gníomhaíochtaí iompair de gach cineál ag brath ar an bhfaisnéis suite a sholáthraíonn sé agus dá bhrí sin tá córais lóistíochta a sholáthraíonn earraí do thomhaltóirí an AE ag brath air freisin;
- Úsáidtear faisnéis uainiúcháin chun líonraí teileachumarsáide a shioncronú agus chun córais bainistíochta a chumhachtú níos minice anois, go háirithe i ndáil le heangacha cliste a fhorbairt.

Dar ndóigh, níl na tionscail sin ag brath ar GNSS Eorpach faoi láthair agus ní raibh aon fhadhb acu le GPS na Stát Aontaithe go dtí seo. Toisc gur réiteach costéifeachtach é GPS na Stát Aontaithe do riachtanais suite agus uainiúcháin, tá luas curtha le ráta glactha gléasanna GPS-bhunaithe i ngach gné de shaol shaoránaigh an AE. Dá bhrí sin, is é GPS na Stát Aontaithe anois an príomhphointe lag i mbonneagar criticiúil an AE: bheadh tionchar mór ar shochaí na hEorpa dá gcuirfí isteach ar sholáthar comhartha GPS.

## 2. ANAILÍS COIMHDEACHTA

Tá ceart chun gníomhú an AE bunaithe ar Airteagal 170 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[7] agus ar Rialachán GNSS maidir leis na cláir Eorpach um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Galileo) a chur chun feidhme tuilleadh[8].

Ní féidir leis na Ballstáit córais loingseoireachta satailíte a bhaint amach go leordhóthanach toisc nach bhfuil sé d'acmhainn ag aon Bhallstát é féin, ón taobh airgeadais agus teicniúil de, an méid sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní féidir é a bhaint amach ach le gníomhaíocht ar leibhéal an AE.

Deirtear sa Rialachán GNSS gurb é an tAontas Eorpach úinéir na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe ar fad arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi na cláir. Mar úinéir ar na sóchmainní inláimhsithe agus doláimhsithe ar fad, ní foláir don Aontas Eorpach a áirithiú go bhfuil na dálaí ar fad chun na córais a oibriú agus a shaothrú i bhfeidhm nuair a dhéanfar na chéad seirbhísí suite, loingseoireachta agus uainiúcháin a sholáthar in 2014-2015. Dá bhrí sin, ní foláir rialachas Eorpach a bheith ann.

## 3. CUSPÓIRÍ

Is é cuspóir ginearálta an togra seo, mar atá cumhdaithe in Airteagal 170 den CFAE[9], rannchuidiú "le gréasáin thraseorpacha a bhunú agus a fhorbairt" agus luaitear é freisin i dtionscnamh suaitheanta **na straitéise "Eoraip 2020"**[10]: "*beartas éifeachtach spáis a fhorbairt chun na huirlisí is gá a chur ar fáil chun dul i ngleic le cuid de na mórdhúshláin dhomhanda agus go háirithe, chun Galileo a sheachadadh [...]*"

Is iad seo a leanas na cuspóirí polaitiúla:

- An chéad chóras domhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) a bheidh faoi **rialú sibhialtach** a bhunú go hiomlán **neamhspleách ar chórais eile atá ann cheana**, chun seirbhísí GNSS a sholáthar gan cur isteach agus mar bhuntáiste straitéiseach don Eoraip;

- Solúbthacht bhonneagar eacnamaíoch na hEorpa a fheabhsú trí **chóras cúltaca a sholáthar i gcás ina gclisfeadh ar chomhartha** ó chórais eile;

- **Sochair socheacnamaíocha a uasmhéadú** don Eoraip trí bheith ag brath ar chomharthaí níos beaichte, níos infhaighte agus níos láidre trí leas níos mó a bhaint as cumas loingseoireachta satailíte ardbheachtais ná mar is féidir faoi láthair;

- **Cumas teicniúil na hEorpa a neartú** chun bonneagair chasta ar mhórscála a fhorbairt, a imlonnú agus a oibriú.

---

[7] IO AE C 83/47 an 30.3.2010.

[8] IO AE L 196/1 an 24.7.2008

[9] IO AE C 83/124 Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh 30.3.2010.

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún COIM(2010) 2020 an 3 Márta 2010 maidir le "Eoraip 2020 – straitéis i leith fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh", lch. 15.

Ba iad na cuspóirí polaitiúla sin a bhí ina mbunús le beartas loingseoireachta satailíte na hEorpa arna shainiú i Rialachán GNSS. Tá an beartas sin dírithe ar dhá chóras loingseoireachta satailíte arna mbunú faoi chlár EGNOS agus clár Galileo a sholáthar don AE.

- Is é is aidhm do chlár Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta, suite agus uainiúcháin satailíte atá ceaptha go sonrach chun críocha sibhialta a chur ar bun. Beidh an córas arna bunú faoi chlár Galileo go hiomlán neamhspleách ar na córais eile atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann, agus is féidir na comharthaí a astaítear ón gcóras a úsáid chun seirbhísí dóiteán a sholáthar (Seirbhís Oscailte, Seirbhís Sábháilteachta Beatha, Seirbhís Tráchtála, Seirbhís Phoiblí Rialáilte, Seirbhís Cuardaigh agus Tarrthála).

- Is é is aidhm do chlár EGNOS cáilíocht na gcomharthaí ó na córais dhomhanda um loingseoireacht satailíte atá ann cheana a fheabhsú, ar féidir iad a úsáid chun trí sheirbhís a sholáthar (Seirbhís Oscailte, Seirbhís Sábháilteachta Beatha, Seirbhís EGNOS um Rochtain ar Shonraí).

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

### 4.1. Roghanna beartais chun dul i ngleic le fadhb 1: Cén chaoi dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na cláir GNSS Eorpacha a chur chun feidhme agus a shaothrú

### 4.2. Galileo

D'fhéadfaí na roghanna seo a leanas a mheas chun bealach a fháil le bonneagar Galileo a chur chun feidhme:

(a) **Teascán sa spás:** Ag an gCumas Tosaigh Oibríochtúil (IOC) atá beartaithe do 2014-2015, ba cheart na 18 satailít atá soláthraithe cheana féin a imlonnú, as measc na 30 satailít atá beartaithe do Chumas Iomláin Oibríochtúil (FOC). Ag cur san áireamh tréithe sonracha fithiseacha Galileo, is féidir thrí chnuasach deiridh atá indéanta go teoiriciúil agus go teicniúil a mheas:

(1) 18 satailít a imlonnú mar chnuasach deiridh;

(2) 24 satailít a imlonnú mar chnuasach deiridh;

(3) 30 satailít a imlonnú mar chnuasach deiridh.

(b) **Teascán ar domhan:** Ag IOC (2014-2015), ní imlonnófar ach bonneagar idirmheánach ar domhan[11] (v2), agus beidh Galileo in ann comharthaí loingseoireachta a sholáthar do OS, PRS agus SAR dá bhrí sin. Tá uasghrádú ar an mbonneagar ar domhan (v3) á bheartú faoi láthair le himlonnú idir IOC agus FOC chun go mbeifí in ann an tseirbhís neamhspleách Sábháilteachta Beatha a sholáthar agus chun cumas iomlán PRS a chur chun feidhme. Is féidir trí chumraíocht don bhonneagar ar domhan atá indéanta go teicniúil a mheas:

[11] Tá 50 stáisiún ar an talamh sa bhonneagar ar domhan.

(1) Bonneagar ar domhan v2, a bhainfear amach ag IOC, **gan seirbhís SoL**;

(2) Bonneagar ar domhan v3 agus **seirbhís SoL nach mbeidh ar fáil ach trí idir-inoibritheacht** le GPS na Stát Aontaithe (bheadh líon níos lú saoráidí ar domhan ag teastáil agus bheadh an bonneagar níos simplí);

(3) Bonneagar ar domhan v3 agus **seirbhís SoL a bheidh ar fáil ar bhonn neamhspleách;**

**Tábla 1: Roghanna beartais chun dul i ngleic le fadhb 1**

| Rogha | Teascán sa spás | Teascán ar domhan | Seirbhísí |
|---|---|---|---|
| (1) An rogha bunlíne | (A.3) | (B.3) | D'fhéadfaí seirbhísí a sholáthar **go neamhspleách** mar atá sainithe sa Doiciméad Ceanglas do Mhisean Galileo |
| (2) Rogha na seirbhísí athbhreithnithe | (A.3) | (B.2) | D'fhéadfaí seirbhísí a sholáthar go neamhspleách mar atá sainithe sa Doiciméad Ceanglas do Mhisean Galileo, ach amháin an **tseirbhís SoL nach bhféadfaí a sholáthar ach i gcomhar le GPS** |
| (3) Rogha na seirbhísí laghdaithe | (A.2) | (B.2) | D'fhéadfaí seirbhísí a sholáthar go neamhspleách ach **ar bhealach nach bhfuil ag teacht leis an méid atá sainithe sa Doiciméad Ceanglas do Mhisean Galileo** (leibhéal laghdaithe seirbhíse) Ní fhéadfaí SoL a sholáthar ach i gcomhar le GPS. |
| (4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe | (A.1) | (B.1) | Ní fhéadfaí seirbhísí **a sholáthar go neamhspleách**, ach iad a sholáthar trí idir-inoibritheacht le GPS, **ar bhealach nach bhfuil ag teacht leis** an méid atá sainithe sa Doiciméad Ceanglas do Mhisean Galileo |
| (5) Deireadh a chur leis an gclár | ceann ar bith | ceann ar bith | ceann ar bith |

EGNOS

Tá córas EGNOS in úsáid cheana ach ní mór a chuid seirbhísí a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt sna blianta amach romhainn. Dá bhrí sin, ní féidir ach dhá rogha beartais a mheas: (1) Leanúint leis an gclár nó (2) Deireadh a chur leis an gclár.

Toisc go bhfuil SoL EGNOS i mbun oibríochta cheana féin, níl an dara rogha ann ach leanúint leis an gclár: tá sé dearbhaithe ag an gCoimisiún go bhfuil an tseirbhís Sábháilteachta Beatha i mbun oibríochta agus tá gealltanas faighte aige ó phobail na n-úsáideoirí deiridh EGNOS a úsáid. Tá na húsáideoirí deiridh, dá bhrí sin, go háirithe in earnáil na heitlíochta, ag

déanamh mórinfheistíochta chun a gcórais a chur in oiriúint do EGNOS. Tá gealltanas fadtéarmach ag teastáil ón gCoimisiún chun seirbhísí EGNOS a sholáthar.

### 4.3. Roghanna beartais chun dul i ngleic le fadhb 2: Scéim rialachais chun an dá chóras a shaothrú

Ní foláir an creat rialachais a shainiú bunaithe ar na feidhmeanna bainistíochta, ar eagrú na bhfeidhmeanna agus ar fhoirmeacha dlíthiúla. Maidir leis na feidhmeannna agus eagrú na bhfeidhmeanna sin, ní foláir dhá leibhéal bainistíochta a mheas: (1) *maoirseacht pholaitiúil* a dhéanamh ar na cláir, atá faoi fhreagracht an Choimisiúin, ar son an AE, chun na cuspóirí ginearálta agus na ceanglais mhisean a shocrú agus chun cinneadh agus faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad, (2) *bainistíocht clár* a bheidh le déanamh ag eintiteas amháin, a áiritheoidh go mbainfidh na córais amach an aidhm arna chur in iúl ar leibhéal na maoirseachta polaitiúla in am agus ar an gcostas a bhí beartaithe, lena n-áirítear trí na gníomhaíochtaí a bhfuil ról acu maidir leis an aidhm sin a bhaint amach a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu.

#### 4.3.1. Roghanna maidir leis na cláir a bhainistiú

I bhfianaise an fhreagracht a bheith ar an AE maoirseacht pholaitiúil a dhéanamh ar na cláir, tá ceithre rogha beartais ann maidir leis na cláir a bhainistiú:

(4) An Coimisiún Eorpach

(5) Comhghnóthas an AE

(6) Gníomhaireacht rialála an AE

(7) Cuideachta phoiblí an AE

Ag baint úsáide as na critéir réamhroghnúcháin agus ag díriú ar indéantacht, cuireadh rogha 1 (an Coimisiún Eorpach) agus rogha 2 (comhghnóthas an AE) as an áireamh. Rinneadh tuilleadh anailíse ar rogha 3 agus ar rogha 4.

## 5. MEASÚNÚ TIONCHAIR

### 5.1. Anailís ar thionchar ar fhadhb 1: An bealach chun cinn maidir le cláir GNSS Eorpacha a chur chun feidhme tuilleadh

Féadtar tionchar na gcúig rogha ar chumas iomlán oibríochtúil an chórais arna bhunú faoi chlár Galileo a thabhairt chun críche a mheas de réir sochar (sochair indíreacha agus ioncam díreach), costais (an bonneagar a thabhairt chun críche agus costais an tsaothraithe) agus iomaíochas thionscal an AE.

#### 5.1.1. Anailís ar shochair

Rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis ionsamhlúcháin chun feidhmíocht loingseoireachta a mheas, arna cur in iúl i dtéarmaí **beachtais** agus **infhaighteachta loingseoireachta**. Socraíodh cuspóirí feidhmíochta Galileo sa Doiciméad Ceanglas do Mhisean Galileo: beachtas go 4 mhéadar go cothrománach agus 8 méadar go hingearach (seirbhís dhémhinicíochta) agus infhaighteacht 99.5 %.

**Tábla 2: Beachtas ionsamhailte loingseoireachta de réir na rogha maidir le bonneagar Galileo**[12]

| (m)/infhaighteacht 99.5 % | Beachtas cothrománach | | Beachtas ingearach | |
|---|---|---|---|---|
| | Meánbheachtas (99.5%) | *Beachtas i gcás an tsuímh úsáideora is measa* | Meánbheachtas (99.5%) | *Beachtas i gcás an tsuímh úsáideora is measa* |
| (1) An rogha bunlíne | 3.3 | *3.7* | 7 | *7.4* |
| (2) Rogha na seirbhísí athbhreithnithe | 3.3 | *3.7* | 7 | *7.4* |
| (3) Rogha na seirbhísí laghdaithe | 8 | *25* | 11.5 | *30* |
| (4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe | 80 | *250* | 138 | *451* |
| (5) Deireadh a chur le clár Galileo | Neamhbhainteach | *Neamhbhainteach* | Neamhbhainteach | *Neamhbhainteach* |

Comhlíonann rogha 1 agus rogha 2 na cuspóirí, fiú amháin i gcás na suíomhanna úsáideora is measa, agus tá rogha 3 gar do na ceanglais sin a chomhlíonadh. Níor leor beachtas rogha 4 do thromlach mór na n-úsáideoirí. Léiríonn na luachanna sin go dtagann laghdú mór ar fheidhmíocht má laghdaítear líon na satailítí.

Tá tionchar ag líon na satailítí ar **leanúnachas na seirbhíse**, i.e. ar loingseoireacht ar dhromchla an domhain, agus tá an leanúnachas sin níos ísle le líon níos ísle satailítí fiú, agus tá tionchar aige ar **stóinseacht an chórais**, i.e. inbhuanaitheacht feidhmíochta córais i gcás cur isteach amhail cliseadh satailíte. Ní bheadh rogha 4 chomh stóinseach céanna toisc go mbeadh laghdú mór ar fheidhmíocht loingseoireachta agus theipfeadh ar sholáthar seirbhíse go fiú, dá gclisfeadh ar satailít amháin nó níos mó gan choinne. Ní dhéanfaí an difear céanna do roghanna le cnuasaigh níos mó sna cásanna sin.

Léirítear i dTábla 3 na seirbhísí atá ar fáil a sholáthróidh an córas arna bhunú faoi chlár Galileo é féin agus i gcomhar le GPS na Stát Aontaithe faoi roghanna éagsúla beartais[13].

**Tábla 3: Infhaighteacht seirbhísí de réir rogha bonneagair**

| | | Infhaighteacht seirbhís de réir MRD | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **OS** | **PRS** | **SAR** | **CS** | **SoL** |
| **(1) An rogha bunlíne** | **Neamhspleách** | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| | *Le GPS* | *Tá* | *Neamhbhainteach* | *Tá* | *Neamhbhainteach* | *Tá* |
| **(2) Rogha na seirbhísí athbhreithnithe** | **Neamhspleách** | Tá | Tá | Tá | Tá | Níl |
| | *Le GPS* | *Tá* | *Neamhbhainteach* | *Tá* | *Neamhbhainteach* | *Tá* |
| **(3) Rogha na seirbhísí laghdaithe** | **Neamhspleách** | Gar do MRD ach stóinseacht theoranta | Comhlíonann sé MRD ach stóinseacht theoranta | Tá | Tá | Níl |
| | *Le GPS* | *Tá* | *Neamhbhainteach* | *Tá* | *Neamhbhainteach* | *Tá* |

12 Tá na hionsamhlúcháin seo ag brath ar thoimhdí áirithe a thabharfar suas chun dáta ag brath ar an gcaoi a fheidhmeoidh an córas sa chleachtas nuair a imlonnófar é e.g. fithisí a chinneadh agus am a shioncrónú (ODTS) go beacht.

13 Tá an tábla bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil i mí Mheán Fómhair 2011 ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus déantar í a shimpliú d'aon ghnó.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **(4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe** | **Neamhspleách** | Beachtas agus leanúnachas measartha | Beachtas agus leanúnachas measartha | Tréimhse logánaithe níos faide agus stóinseacht mheasartha | Cumas laghdaithe atá teoranta d'fhás | Níl |
| | *Le GPS* | *Leibhéal laghdaithe seirbhíse* | *Neamhbhainteach* | *Leibhéal laghdaithe seirbhíse* | *Neamhbhainteach* | *Leibhéal díghrádaithe seirbhíse* |
| **(5) Deireadh a chur leis an gclár** | **Neamhspleách** | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl |
| | *Le GPS* | *Neamhbhainteach* | *Neamhbhainteach* | *Neamhbhainteach* | *Neamhbhainteach* | *Neamhbhainteach* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seirbhís ar fáil de réir cheanglais an mhisin | Seirbhís laghdaithe | Seirbhís dhíghrádaithe | Níl aon tseirbhís ar fáil |

Dá mbeadh idir-inoibritheacht ann le GPS na Stát Aontaithe, go háirithe i gcás rogha 3 agus rogha 4, thiocfadh feabhas mór ar bheachtas na seirbhísí loingseoireachta, luais agus uainiúcháin, ach bheadh roinnt iarmhairtí aige:

- Bheadh an córas arna bhunú faoi chlár Galileo ag brath **i bpáirt nó ina iomláine ar idir-inoibritheacht le GPS na Stát Aontaithe**. Ní bheadh an Eoraip ina cheannródaí i dtaobh nuálaíochta i réimse GNSS. Ní bheadh sé de chumas aige a thuilleadh tionchar a imirt ar chaighdeáin loingseoireachta amach anseo agus lagófaí iomaíochas an tionscail i réimse na bhfeidhmchlár agus i réimse forbairtí teicneolaíochta réamhtheachtacha áit a bhfuil formhór an mhargaidh loingseoireachta ag borradh;

- Ní córas domhanda um loingseoireacht satailíte a bheadh sa chóras faoi chlár Galileo, rud a bhí ag teastáil ó na páirtithe leasmhara, ach **forlíontán ag gabháil le GPS na Stát Aontaithe**. Dá bhrí sin, dá dteipfeadh ar chóras amháin, bheadh tionchar aige sin ar fheidhmíocht na gcóras eile ar fad atá in úsáid ag na húsáideoirí.

Ní mór an méid sin a chur san áireamh maidir le soláthar seirbhísí OS, PRS agus CS. Maidir le seirbhísí SAR agus SoL:

- Tá seirbhís SAR i mbun oibríochta agus tá 18 satailít aici atá feistithe, agus dá bhrí sin níl feidhmíocht na seirbhíse ag brath ar líon na satailítí atá beartaithe faoi na roghanna bonneagair éagsúla, cé go nginfeadh rogha dhíghrádaithe 4 SAR tréimhse logánaithe níos faide agus stóinseacht lag toisc go bhféadfadh an satailít cliseadh;

- Beidh na roghanna malartacha ar sheirbhís SoL ag brath ar bhonneagar ar domhan imlonnaithe. Bheadh rogha 1 in ann seirbhís SoL neamhspleách a sholáthar, ní bheadh rogha 2 ná rogha 3 in ann ach seirbhís SoL a sholáthar in idir-inoibritheacht le GPS na Stát Aontaithe, agus ní sholáthródh rogha 4 an tseirbhís SoL.

### 5.1.1.1. Sochair indíreacha

Beidh iomlán luach airgid na sochar carnach (sochair eacnamaíocha, shóisialta agus sochair don chomhshaol) do chlár GNSS go dtí 2034 ag brath ar an rogha a roghnófar. Tá siad bunaithe ar shamhail 20 bliain chun saolré iomlán an chórais arna bhunú faoin chlár Galileo a

chur san áireamh, ag baint úsáide as samhail arna forbairt ag an nGníomhaireacht Eorpach GNSS.

Is ionann iomlán na sochar indíreach arna léiriú i dTábla 4 agus suim na sochar arna ngineadh ag trí fhoinse:

- margadh réamhtheachtach agus éifeachtaí iarmharta (infheistíocht i mbonneagar spáis agus éifeachtaí iarmharta infheistíochta i dtaighde agus i bhforbairt)
- fás ar an margadh iartheachtach (fás ar mhargadh feidhmchlár GNSS)
- sochair phoiblí (éifeachtaí seachtracha a ghineann feidhmchláir GNSS ar bhealaí éagsúla nó go hindíreach amhail sochair d'institiúidí poiblí, don tsochaí agus d'úsáideoirí).

**Tábla 4: Sochair indíreacha GNSS Eorpach do gach rogha 2014-2034**

| (EUR bn/praghsanna seasta 2011) | *Sochair eacnamaíocha* | | *Sochair shóisialta agus sochair don chomhshaol* | |
|---|---|---|---|---|
| | Fás an mhargaidh réamhtheachtaigh | Fás an mhargaidh iartheachtaigh | Sochair phoiblí | **Sochair iomlána** |
| (1) An rogha bunlíne | 19.94 | 26.43 | 87.41 | 133.77 |
| (2) An rogha bunlíne agus rogha na seirbhísí athbhreithnithe | 19.94 | 26.43 | 87.41 | 133.77 |
| (3) Rogha na seirbhísí laghdaithe | 17.30 | 20.64 | 73.43 | 111.37 |
| (4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe | 14.83 | 15.36 | 64.84 | 95.04 |
| (5) Deireadh a chur le clár Galileo | 6.76 | 1.27 | 15.02 | 23.05 |

**Foinse:** Gníomhaireacht GNSS Eorpach.

Tá sochair indíreacha EGNOS san áireamh i ngach rogha. Tugann an rogha dheireanach le fios go gcuirfear deireadh le clár Galileo, ach saothrófar EGNOS agus táirgfear seirbhísí. Dá bhrí sin, is é EGNOS an t-aon fhoinse do shochair faoi rogha 5.

### 5.1.2. Ioncam díreach

Cé is moite de shochair socheacnamaíocha, táthar ag súil go nginfear ioncam díreach trí sheirbhísí arna soláthar ag na cláir GNSS. Áirítear ar na sreabha ioncaim féideartha an tSeirbhís Tráchtála (táillí rochtana do sheirbhísí fíordheimhniúcháin agus Seirbhís Ardbheachtais Suite) agus an tSeirbhís Phoiblí Rialáilte (táillí ceadúnais ar ghlacadóirí, táillí gníomhachtúcháin ar ghlacadóirí agus táillí rochtana ar chomharthaí)[14]. D'fhéadfaí ioncam indíreach sa bhreis a bheartú do sheirbhísí i gcás nach bhféadfaí diúltú uathoibríoch ar rochtain a shamhlú (e.g. Sábháilteacht Beatha) trí bhíthin sásraí muirearaithe indírigh, ach faoi láthair níl aon chreat dlíthiúil ann do na sásraí sin.

[14] Beidh ioncam a d'fhéadfadh an PRS a ghineadh ag brath ar na roghanna polaitiúla atá le déanamh.

**Tábla 5: Ioncam díreach féideartha GNSS Eorpach do gach rogha**

| (EUR bn)/praghsanna seasta 2011 | Ioncam íosta agus uasta PRS | Ioncam CS | **Meán iomlán 2014-2034** |
|---|---|---|---|
| (1) An rogha bunlíne | 0.24 – 0.34 | 1.32 | 1.61 |
| (2) An rogha bunlíne agus rogha na seirbhísí athbhreithnithe | 0.24 – 0.34 | 1.32 | 1.61 |
| (3) Rogha na seirbhísí laghdaithe | 0.24 – 0.34 | 0.00 | 0.28 |
| (4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe | 0.00 | 0.00 | 0.00 |
| (5) Deireadh a chur le clár Galileo | 0.00 | 0.00 | 0.00 |

Ní bheifí ag súil le níos mó ná EUR 1.61 billiún ó sheirbhísí poiblí rialáilte agus ó sheirbhísí tráchtála sa tréimhse 20 bliain. Is lú sin ná 10 % de na costais iomlána don 20 bliain amach romhainn. Is léir nach ndéanfaidh an GNSS Eorpach dóthain brabúis chun go bhféadfaí é a rith ar bhonn neamhspleách agus beidh maoiniú poiblí de dhíth air amach anseo. Ní bheidh sé de chumas ag ioncam díreach riamh costais oibriúcháin na gclár a chúiteamh.

### 5.1.3. Anailís ar na costais

Tá roghanna éagsúla ann maidir le líon na satailítí imlonnaithe agus sonraíochtaí an teascáin ar domhan. I gcás gach rogha, rinneadh na costais a mheas ní hamháin chun an bonneagar a thabhairt chun críche ach freisin chun an chéim shaothraithe a chumhdach do chlár Galileo agus do chlár EGNOS. Rinneadh na meastacháin ar chostais don tréimhse chéanna agus a rinneadh na meastacháin ar shochair: 2014-2034, a fhreagraíonn do thrí thréimhse seacht mbliana de chreat bliantúil airgeadais an AE.

**Tábla 6: Costais clár GNSS Eorpach do gach rogha 2014-2034**

| (EUR bn)/praghsanna seasta 2011 | Creat airgeadais ilbhliantúil an AE 2014-2020 | Creat airgeadais ilbhliantúil an AE 2021-2034 (2021-27, 2028-34) | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| (1) An rogha bunlíne | 7.8 | 12 | 19.8 |
| (2) An rogha bunlíne agus rogha na seirbhísí athbhreithnithe | 7.0 | 11.5 | 18.5 |
| (3) Rogha na seirbhísí laghdaithe | 6.5 | 10.8 | 17.3 |
| (4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe | 5.6 | 10 | 15.6 |
| (5) Deireadh a chur le clár Galileo | 2.4 | 1.4 | 3.8 |

### 5.1.4. Tionchar atá sainiúil don earnáil

Déanann an anailís scrúdú ar an tionchar ar iomaíochas na hearnála/na n-earnálacha a ndíríonn an tionscnamh uirthi/orthu, ar na soláthróirí (earnálacha réamhtheachtacha) agus ar na cliaint (earnálacha iartheachtacha agus úsáideoirí deiridh). Cumhdaíonn an anailís ar an slabhra luacha ceithre phríomhghné:

- **Réamhtheachtach:** Tionscal spás Eorpach a chuidíonn leis an gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte a thógáil;
- **Soláthar seirbhíse:** Tionscal Eorpach a sholáthraíonn seirbhísí tráchtála nó poiblí, suite, loingseoireachta nó uainiúcháin;

- **Iartheachtach:** Tionscal Eorpach feidhmchlár atá ag brath ar sholáthar seirbhíse agus a sholáthraíonn na hearraí crua agus na bogearraí is gá chun comharthaí satailíte a shaothrú;

- **Úsáideoirí deiridh:** tionscail a úsáideann seirbhísí agus feidhmchláir.

Díríonn sé ar thionscal Eorpach na bhfeidhmchlár agus ar úsáideoirí deiridh, áit a bhfuiltear ag súil leis an tionchar is mó ar iomaíochas.

**Tábla 7: Achoimre ar thionchar ar iomaíochas**

| | **(1-2) An rogha bunlíne agus rogha na seirbhísí athbhreithnithe** | **(3-4) Rogha na seirbhísí laghdaithe agus rogha na seirbhísí díghrádaithe** | **(5) Deireadh a chur le clár Galileo** |
|---|---|---|---|
| Réamhtheachtach | + + | + | – |
| Soláthar seirbhíse | + + | + | – |
| Iartheachtach | + | + | – |
| Úsáideoirí deiridh | + + | + + | 0 |
| **Iomlán** | + + | + | – |

–: tionchar diúltach ar iomaíochas +: tionchar dearfach ar iomaíochas

Is léir ón athbhreithniú ar thionchar na roghanna éagsúla ar iomaíochas, gur dócha go gcuirfeadh an rogha bunlíne agus rogha na seirbhísí athbhreithnithe go mór le hiomaíochas nuálaíoch an AE, agus go gcruthófaí margaí nua/earnálacha gnó nua agus go mbeadh éifeachtaí iarmharta acu a chuirfeadh feabhas ar phróisis gnó agus a spreagfadh nuálaíocht in earnálacha eile. Táthar ag súil freisin le tionchar dearfach i dtéarmaí iomaíochais ó thaobh costais agus praghais de.

### *5.2.* Anailís ar thionchar ar fhadhb 2: Scéim rialachais chun an dá chóras a shaothrú

Déantar na roghanna i ndáil le fadhb 2 a mheas go cáilíochtúil i dtéarmaí a mhéid a chomhlíonann siad na cuspóirí rialachais atá sainithe sa Rialachán Airgeadais, i.e. indéantacht, cinnteoireacht, stóinseacht, scóip le haghaidh forbartha, tionchar ar gheilleagar an AE, leanúnachas le beartais an AE agus cur chun cinn leasanna an AE agus rialú agus cuntasacht an AE. Déantar na cuspóirí sin a ghrúpáil de réir na gcritéar seo a leanas: éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhleanúnachas.

| | Éifeachtacht | Éifeachtúlacht | Comhleanúnachas |
|---|---|---|---|
| Gníomhaireacht rialála an AE | • Leibhéal ard indéantachta<br><br>• Cumas cinnteoireachta gasta<br><br>• **Stóinseacht láidir:** Scéim dhlíthiúil chruthaithe. Faoi scáth Airteagal 340 agus Airteagal 343 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh | • **Raon feidhme measartha maidir le forbairt**, leasú ag teastáil ar bhunús dlí an AE lena mbunaítear an ghníomhaireacht<br><br>• Tionchar dearfach ar gheilleagar an AE | • Leanúnachas dlúth le beartais an AE<br><br>• Rialú agus cuntasacht láidir san AE |
| Cuideachta phoiblí an AE | • **Leibhéal an-íseal indéantachta:** Níl ann d'fhasach ná do rialacha soiléire don AE chun cuideachta phoiblí AE a chruthú.<br><br>• Cumas cinnteoireachta gasta agus solúbthacht<br><br>• **Stóinseacht lag:** bheadh an oibríocht bunaithe ar dhlí náisiúnta an Bhallstáit ina n-ionchorprófaí é | • Drochscóip i dtaobh forbartha<br><br>• Tionchar doiléir ar gheilleagar an AE | • Leanúnachas measartha le beartais an AE agus le rialú agus cuntasacht san AE |

## 6. NA ROGHANNA A CHUR I gCOMPARÁID

### 6.1. Na roghanna chun dul i ngleic le fadhb 1 a chur i gcomparáid: Cén chaoi dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na cláir GNSS Eorpach a chur chun feidhme tuilleadh

***Éifeachtacht***

Éifeachtacht atá bainteach le comhlíonadh na gcuspóirí ginearálta beartais, tá sé bunaithe ar chomparáid cháilíochtúil a dhéanamh idir tréithe teicniúla na roghanna agus na hiarmhairtí a bheidh acu.

**Tábla 8: Comhlíonadh le cuspóirí ginearálta beartais**

| | GNSS neamhspleách a bhunú | | Solúbthacht bhonneagar eacnamaíoch an AE a mhéadú | | Cumas teicniúil GNSS na hEorpa a neartú | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **(1) An rogha bunlíne** | ● | 100 % | ● | 100 % | ● | 100 % |
| **(2) Rogha na seirbhísí athbhreithnithe** | ◕ | 75 % | ● | 100 % | ● | 100 % |
| **(3) Rogha na seirbhísí laghdaithe** | ◕ | 75 % | ◑ | 50 % | ● | 100 % |
| **(4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe** | ○ | 0 % | ○ | 0 % | ◔ | 25 % |
| **(5) Deireadh a chur le clár Galileo** | ○ | 0 % | ○ | 0 % | ○ | 0 % |

○: Ní chomhlíonann sé an cuspóir ●: Comhlíonann sé an cuspóir ina iomláine

## *Éifeachtúlacht*

Déantar éifeachtúlacht na roghanna beartais a mheas bunaithe ar shochair indíreacha, ar ioncam díreach agus ar chostais gach rogha, ag brath ar líon agus ar cháilíocht na seirbhísí atá ceadaithe.

**Tábla 9: Anailís costais-sochair ar na roghanna beartais 2014-2034**

| (EUR bn) praghsanna seasta 2011 agus praghsanna lascainithe ag 4 % | **Sochair indíreacha** | | **Ioncam díreach** | | **Costais** | | **Glansochair** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Praghsan na seasta | Praghsan na lascainithe | Praghsan na seasta | Praghsan na lascainithe | Praghsan na seasta | Praghsan na lascainithe | Praghsan na seasta | Praghsan na lascainithe |
| (1) An rogha bunlíne | 133.77 | 81.26 | 1.61 | 1.05 | 19.8 | 14.65 | 115.58 | 67.66 |
| (2) An rogha bunlíne agus rogha na seirbhísí athbhreithnithe | 133.77 | 81.26 | 1.61 | 1.05 | 18.5 | 13.69 | 116.88 | 68.63 |
| (3) Rogha na seirbhísí laghdaithe | 111.37 | 67.59 | 0.28 | 0.20 | 17.3 | 12.80 | 94.35 | 54.99 |
| (4) Rogha na seirbhísí díghrádaithe | 95.04 | 57.53 | 0.00 | 0.00 | 15.6 | 11.54 | 79.44 | 45.99 |
| (5) Deireadh a chur le clár Galileo | 23.05 | 14.00 | 0.00 | 0.00 | **3.8** | 2.81 | 19.25 | 11.19 |

*Comhleanúnachas*

**Tá an dá rogha, rogha 1 (an rogha bunlíne) agus rogha 2 (seirbhísí athbhreithnithe)**, i gcomhréir le creat polaitiúil an AE, bheadh tionchar an-dearfach acu ar iomaíochas thionscal an AE agus tá an cumas iontu sochair straitéiseacha a ghineadh don AE.

**Tá rogha 3 (seirbhísí laghdaithe) agus rogha 4 (seirbhísí díghrádaithe) cosúil lena chéile**: níl ceachtar acu ag teacht go hiomlán le cuspóirí ná le tosaíochtaí an AE agus bheadh tionchar measartha dearfach acu ar iomaíochas.

**Níl rogha 5 (deireadh a chur le clár Galileo)** ag teacht le cuspóirí an AE in aon chor agus bheadh tionchar diúltach aige ar iomaíochas.

Ar deireadh, ag cur san áireamh na hiarmhairtí ar fad, gnéithe **na héifeachtachta, na héifeachtúlachta agus an chomhleanúnachais**, agus go háirithe an méid a d'fhéadfaí a shábháil ó thaobh costas de, dealraíonn sé gurb é rogha 2 (seirbhísí athbhreithnithe) rogha na tosaíochta.

### 6.2. Na roghanna chun dul i ngleic le fadhb 2 a chur i gcomparáid: Scéim rialachais chun an dá chóras a shaothrú

Tar éis iarmhairtí ghníomhaireacht rialála an AE agus chuideachta phoiblí an AE a chur i gcomparáid, dealraíonn sé gurbh í **gníomhaireacht rialála an AE** ab fhearr a chomhlíonfadh cuspóirí na bainistíochta clár toisc go bhfuil an ghníomhaireacht sin comhleanúnach, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh an AE de.

Toisc go bhfuil ábhair imní ann go ginearálta i ndáil leis an bhfás atá tagtha ar líon ghníomhaireachtaí an AE, ní dócha go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa ná Comhairle an AE le gníomhaireacht rialála nua de chuid an AE. As measc na ngníomhaireachtaí rialála de chuid an AE atá ann cheana, is í an Ghníomhaireacht GNSS Eorpach is oiriúnaí chuige sin toisc gur chuid de na struchtúir rialachais atá ann cheana sna cláir GNSS é agus tá saineolas bunúsach aige sa réimse ábhartha.

Mar sin féin, ní féidir leis an nGníomhaireacht GNSS Eorpach mar atá ann anois tabhairt faoi chúraimí um bainistíocht clár na céime saothraithe toisc go bhfuil an sainordú atá aici faoi láthair teoranta do shaincheisteanna slándála agus margadhbhunaithe. Níl acmhainní leordhóthanacha airgeadais ná daonna aici.

## 7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Beidh táscairí aschuir bunaithe ar ghnéithe, ar cháilíocht agus ar shonraíochtaí sheirbhísí ENGOS agus Galileo agus a mhéid a fhreagraíonn siad dóibh sin atá leagtha amach i Rialachán GNSS, don dáta atá beartaithe don seachadadh gan na costais atá beartaithe a shárú, agus do chobhsaíocht, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na scéime rialachais. Táscairí torthaí a bheidh in iomaíochas thionscal GNSS bunaithe san Eoraip, úsáid seirbhísí, lena n-áirítear dul i bhfeidhm ar an margadh, líon na bpost a cruthaíodh agus sochair indíreacha agus dhíreacha mar thoradh ar chláir GNSS.

> Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar foráil sna conarthaí agus sna comhaontuithe ar fad a thabharfar i gcrích faoi chuimsiú na gclár GNSS maidir le maoirseacht agus rialú airgeadais a dhéanfaidh sé féin. Sna sásraí faireacháin agus meastóireachta ar fad, beifear ag díriú ar sháruithe ar chostais an chláir agus ar mhoilleanna i seachadadh seirbhísí a íoslaghdú. Chun na críche sin, molfaidh an Coimisiún creat straitéiseach ina liostófar na príomhbhearta, an buiséad agus an amchlár measta faoin 30 Meitheamh 2014, clár oibre bliantúil le bearta agus táscairí mionsonraithe, tuarascáil bhliantúil cur chun feidhme ina ndéanfar a mhéid a chomhlíontar na bearta sin a mheas, agus meastóireacht idirmheánach a dhíreoidh ar thorthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhainfear amach faoi 30 Meitheamh 2017, in am go leor chun an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil a ullmhú.

Sa bhreis ar na bearta caighdeánacha sin, déanfaidh an Coimisiúin, agus a chumhachtaí maidir le maoirseacht pholaitiúil ar chlár Galileo agus ar chlár EGNOS á bhfeidhmiú aige, na sásraí faireacháin agus meastóireachta a bhfuil an t-eintiteas bainistíochta clár faoina rialú a fheabhsú trí phleananna mionsonraithe maidir leis an mbainistíocht bhliantúil agus tuarascálacha cur chun feidhme a iarraidh, trí chruinnithe rialta maidir le dul chun cinn na gclár a stiúradh agus trí iniúchtaí airgeadais agus teicneolaíochta a dhéanamh.

Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit bheith bainteach leis an bhfaireachán ar na cláir, mar shampla trína gcumas teicniúil a úsáid chun ionchur a sholáthar maidir le faireachán teicniúil ar na cláir agus chun príomhtháscairí feidhmíochta a mholadh a ndéanfar na cláir a mheas dá réir.

Ar deireadh, maidir leis an mbainistíocht laethúil, molfaidh an Coimisiún sásra bainistíochta riosca agus uirlisí bainistíochta a bheidh bunaithe ar mheastachán costas níos beaichte d'fhonn sárú chostais na gclár a sheachaint, agus cuirfidh sé san áireamh an taithí a fuarthas roimhe seo agus córas iarbhír cur chun feidhme.